Coimisiún na Meán

# An Cód maidir le Seirbhísí Meán

# An Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí

# (Craoltóirí Raidió agus Teilifíse)

Dáta foilsithe: Mí na Nollag 2024

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **3** |
| **2.** | **Raon agus Dlínse** | **3** |
| **3.** | **Cuspóir agus Ullmhú an Chóid** | **3** |
| **4.** | **Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód** | **4** |
| **5.** | **Inscoiteacht** | **5** |
| **6.** | **Tarscaoileadh** | **5** |
| **7.** | **Comhlíontacht agus Forfheidhmiú** | **6** |
| **8.** | **Gearáin** | **6** |
| **9.** | **Treoir** | **6** |
| **10.** | **Sainmhínithe agus Nóta Léirmhínitheach** | **7** |
| **11.** | **Ginearálta** | **9** |
| **12.** | **Neamhchleachtadh agus Saontacht** | **10** |
| **13.** | **Brú Míchuí** | **11** |
| **15.** | **Sábháilteacht Ghinearálta** | **13** |
| **16.** | **Foréigean** | **13** |
| **17.** | **Aiste Bia agus Cothú** | **14** |
| **18.** | **Carachtair Chláir** | **15** |
| **19.** | **Cumarsáid Tráchtála do Leanaí lena mbaineann téama na Nollag** | **15** |
| **Aguisín** | | **16** |

# 1. Réamhrá

1.1 De bhun alt 46N(1) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (an "**tAcht**"), féadfaidh Coimisiún na Meán (an "**Coimisiún**") cóid ("**cóid maidir le seirbhísí meán**") a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais craoltóirí.

1.2 De bhun ailt 46N(2) agus 46N(7) den Acht, féadfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhísí meán a dhéanamh lena bhforálfar do chaighdeáin agus cleachtais chun a áirithiú, i measc nithe eile, go gcosnófar le cumarsáid tráchtála leasanna an lucht féachana agus éisteachta, lena n-áirítear leanaí.

1.3 I gcomhréir lena chuid dualgas agus oibleagáidí reachtúla a leagtar amach thuas, d'ullmhaigh an Coimisiún an cód seo maidir le seirbhísí meán (an "**Cód**").

1.4 De bhun alt 46N(11)(d) den Acht, lean an Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí ó Údarás Craolacháin na hÉireann arna dhátú an 2 Meán Fómhair 2013 de bheith i bhfeidhm le bunú an Choimisiúin.

1.5 Cuirtear an Cód in ionad an Chóid maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí 2013 ó Údarás Craolacháin na hÉireann, rud a chúlghairfear ón 6 Nollaig 2024, is é sin an dáta a thiocfaidh an Cód seo in éifeacht.

# 2. Raon agus Dlínse

2.1 Níl feidhm ag an gCód seo ach amháin maidir le craoltóirí faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí alt 2A den Acht.

# 3. Cuspóir agus Ullmhú an Chóid

## Cuspóir

3.1 Is é is cuspóir don Chód a áirithiú go gcomhlíonfaidh craoltóirí atá faoi dhlínse an Stáit na dualgais a leagtar amach san Acht maidir leis an gcraoladh a dhéantar ar a seirbhísí ar chumarsáid tráchtála lena ndéantar difear do leanaí.

## Ullmhú an Chóid

3.2 De bhun alt 46N(6) den Acht, thug an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas agus an Cód á ullmhú aige: -

- an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gcláir.
- méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár.
- ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a

bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár.

- an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin.

- a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh craoltóir an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú lena ndéantar difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm cód maidir le seirbhísí meán.

- a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

3.3 Ullmhaíodh an Cód i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in alt 46Q den Acht.

# 4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód

4.1 I léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Chóid, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.

4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.

- na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.

4.3 Déantar foráil in alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena áirithiú go gcloífear leis na luachanna daonlathacha a chumhdaítear sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus go dtabharfar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith craoltóirí, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann.

4.4 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún féachaint lena áirithiú trína shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh ar bhunábhar clár agus ar ábhar eile atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh leo; agus (iii) go bhfeidhmeoidh siad go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.

4.5 Le halt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas inter alia:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ó sholáthraithe seirbhísí craolacháin a spreagadh.

- timpeallacht rialála a sholáthar a chothóidh iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta.

- cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.

- spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.6 De bhun alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

# 5. Inscoiteacht

5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le craoltóir áirithe) ar bhealach ar bith, ar bhunús aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód nó cuid de, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó is amhlaidh atá an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.

5.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, leanfaidh na forálacha uile eile agus/nó na codanna uile eile den Chód de bheith go hiomlán éifeachtach, infheidhme, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfear den Chód aon fhoráil nó cuid den Chód a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

# 6. Tarscaoileadh

6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann craoltóir faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh d'inneachar aon chuid den mhéid céanna, agus ní thuigfear uaidh sin gur chomhlíon an craoltóir a oibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód.

6.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht air; ní chruthófar urbhac in aghaidh an Choimisiúin leis, ná ní tarscaoileadh ón gCoimisiún a bheidh ann maidir le haon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Achta agus/nó an Chóid.

# 7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

7.1 De bhun alt 46N(10) den Acht, beidh mainneachtain an Cód a chomhlíonadh ina sárú chun críocha Chuid 8B den Acht.

7.2 Áiritheoidh craoltóir go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód a léiriú.

7.3 De bhun alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar chraoltóirí cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le mainneachtain an chraoltóra cód maidir le seirbhísí meán a chomhlíonadh.

# 8. Gearáin

8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon craoltóir an Cód seo. Molann an Coimisiún do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcraoltóir ar an gcéad ásc mar gurb é sin an bealach is tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.

8.2 Tá eolas faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas an Choimisiúin, le fáil ar ár suíomh gréasáin ([www.cnam.ie/ga](www.cnam.ie/ga)) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán ar **+ 353 1 963 7755** nó ag **usersupport@cnam.ie**.[1]

# 9. Treoir

9.1 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a sholáthar maidir le forálacha an Chóid arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá agus nuair a mheastar sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.

9.2 Ní mór a áireamh sna hiarrataí ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarraidh ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an chuid nó na codanna den Chód, atá ábhartha dar leis an iarrthóir, agus ba cheart a leagan amach inti an cheist shonrach ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith. Ní ghlacann an Coimisiún le haon dliteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

[1] I gcás cumarsáid tráchtála, oibríonn Údarás na gCaighdeán Fógraíochta (ASA) próiseas gearán neamhreachtúil. Déanann ASA measúnú ar ghearáin in aghaidh a Chóid Caighdeán um Fógraíocht agus Cumarsáid Margaíochta in Éirinn - féach [https://adstandards.ie](https://adstandards.ie) le haghaidh tuilleadh eolais.

# 10. Sainmhínithe agus Nóta Léirmhínitheach

## Sainmhínithe

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear thíos, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht.

Ciallaíonn **"craoltóir"** soláthraí craoltaí fuaime nó craoltaí teilifíse.

Ciallaíonn **"seirbhís craolacháin"** seirbhís a chuimsíonn tiomsú de bhunábhar clár d'aon chineál, rud a dhéantar a tharchur, a athsheachadadh nó a dháileadh trí líonra cumarsáide leictreonaí, go díreach nó go hindíreach chun go bhfaighidh an pobal i gcoitinne é ar bhealach atá comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach, cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear an t-ábhar sin i ndáiríre, agus i gcás ina soláthraítear na cláir in ord réamhsceidealaithe agus líneach, ach ní áirítear leis sin:

(a) seirbhís a sholáthraítear ar bhealach neamhlíneach i gcás ina roghnaíonn gach úsáideoir den tseirbhís clár ó chatalóg de chláir, nó

(b) aon seirbhísí eile a sholáthraítear tríd an idirlíon, mura soláthraíonn an tseirbhís cláir chlosamhairc.

Ciallaíonn "**daoine cáiliúla**" daoine mór le rá, nó ar a bhfuil ardmheas agus/nó a bhfuil aithne ag leanaí orthu. Ní áirítear leis sin na daoine nó na pearsantachtaí sin ar a gcuireann leanaí aithne dhíreach mar gheall ar a rannpháirtíocht i gcumarsáid tráchtála.

Ciallaíonn **"leanbh nó leanaí"** duine nó daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Ciallaíonn **"cumarsáid tráchtála leanaí"** cumarsáid tráchtála lena gcuirtear chun cinn táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí a mheastar a bheith chun leas leanaí agus/nó a chraoltar i gcláir do leanaí nó thart orthu.

Ciallaíonn **"cláir do leanaí"** cláir dá ngairtear sin de ghnáth agus/nó a bhfuil 50% de phróifíl a lucht féachana nó lucht éisteachta faoi bhun 18 mbliana d'aois. I gcás nach bhfuil sonraí i dtaca le comhdhéanamh an lucht féachana nó an lucht éisteachta ar fáil, maidir le hainm, ábhar, saintréithe, spriocluchta féachana agus éisteachta, agus sceidealú an chláir agus aon chur chun cinn a dhéantar ar an gclár, lena n-áirítear aon ardán a úsáidtear do chur chun cinn, bainfear úsáid as nó astu chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na cláir beartaithe do leanaí.

Le **"cumarsáid tráchtála"** áirítear cumarsáid tráchtála fuaime agus chlosamhairc, agus ciallaíonn sé íomhánna (le fuaim nó gan fhuaim) nó fuaim amháin—

(a) atá deartha chun earraí, seirbhísí nó íomhá de dhuine atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach, agus

(b) a áirítear i gclár nó in ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó atá ag gabháil leis sin, mar mhalairt ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil nó chun críoch féinbholscaireachta.

Áirítear ar na cineálacha cumarsáide tráchtála, inter alia, fógraíocht, urraíocht, teilishiopadóireacht, agus suíomh táirgí.

Ciallaíonn "**milseogra**" siúcra, mil, subha, barraí atá clúdaithe le seacláid (seachas brioscaí), milseogra nach seacláid (e.g. barraí gránaigh), agus milseoirí saorga. Tá deochanna carbónáitithe, seachas uisce, san áireamh freisin.

Ciallaíonn "**mearbhia**" bia a thagann faoi chineál aitheanta an mhearbhia agus/nó bia cócaráilte saor a ullmhaítear agus a riartar go tapa agus ar féidir le leanaí teacht air go héasca lena cheannach. Le mearbhia sa chás sin ní thagraítear don mhéid iarbhír ama is gá chun an bia a chócaráil ach do cé chomh tapa agus chomh héasca is féidir an bia a fháil agus a ithe. Ní bheartaítear leis an sainmhíniú bianna ullmhaithe agus saoráideacha ná bia a cheannaítear lena ullmhú agus lena chócaráil sa bhaile.

Le "**bianna HFSS"** tagraítear do na bianna sin a meastar go bhfuil ardchion saille, salainn nó siúcra iontu i gcomhréir leis an tSamhail Próifílithe Cothaitheach arna forbairt ag Gníomhaireacht Caighdeán Bia na Ríochta Aontaithe arna glacadh ag an gCoimisiún agus a leagtar amach in Aguisín 1.

Ciallaíonn **"carachtair cheadúnaithe"** carachtair agus pearsantachtaí atá ceadúnaithe chun bheith i gcumarsáid tráchtála ach nach bhfuil aon ghaol díreach acu leis an táirge ná leis an tseirbhís atá á chur nó á cur chun cinn acu, agus áirítear iontu carachtair agus pearsantachtaí a thagann, mar shampla, ó eisiúint scannán nó físchluiche.

Ciallaíonn **"clár"** (a) sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim, nó (b) closábhar, arb éard atá i gceist i ngach cás mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bunú ag craoltóir, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úrnua.

Ciallaíonn **"carachtair cláir"** carachtair agus pearsantachtaí ó chláir do leanaí atá á gcraoladh faoi láthair agus a úsáidtear chun táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn i gcumarsáid tráchtála do leanaí. Sa chás sin ciallaíonn 'faoi láthair' clársceidealú rialta atá le teacht ar ais freisin sa chéad séasúr craolacháin eile.

Ciallaíonn **"seirbhís craolacháin fuaime"** nó **"craoladh fuaime"** seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, inarb amhlaidh—

(a) atá príomhchuspóir na seirbhíse tiomanta do chláir fuaime a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a sholáthar, agus

(b) a sholáthraítear an tseirbhís le héisteacht ar bhealach comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach le cláir fuaime ar bhonn sceideal clár.

Ciallaíonn **"craoltóireacht teilifíse"** nó **"craoladh teilifíse"** (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a chuireann soláthraí seirbhíse meán ar fáil chun féachaint go comhuaineach ar chláir ar bhonn sceideal clár.

## Nóta Léirmhínitheach

### Prionsabal an Difreálaithe Aoise

10.1 Aithnítear leis an gCód gur gá leibhéil éagsúla cosanta a bheith ag leanaí atá in aoiseanna éagsúla. Chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt don phrionsabal sin, sonraítear cosaintí leis an gCód lena bhfuil feidhm maidir le cumarsáid tráchtála leanaí do gach leanbh agus sonraítear roinnt cosaintí breise leis ag a bhfuil feidhm maidir le leanaí faoi bhun 15, 13 agus 6 bliana d'aois.
I gcás ina rangófar forálacha an Chóid mar a bheith ag baint leo siúd atá faoi bhun 15 bliana d'aois, iad siúd faoi bhun 13 bliana d'aois, nó iad siúd faoi 6 bliana d'aois, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le (i) cumarsáid tráchtála atá spriocdhírithe ar na haoisghrúpaí sin, (ii) cumarsáid tráchtála a chraoltar nó a chuirtear ar fáil le linn clár a bhfuil os cionn 50% den lucht féachana agus den lucht éisteacht sna haoisghrúpaí sin.

Tá na forálacha ag a bhfuil feidhm maidir le gach ceann de na haoisghrúpaí sin faoi seach marcáilte go soiléir thíos trí **F/6, F/13 nó F/15** a áireamh i ndeireadh na forála. I gcás nach sonraítear aois, ciallaíonn sin go bhfuil feidhm ag an riail sin maidir leis na leanaí uile mar a shainmhínítear sa Chód.

### Freagracht Tuismitheoirí

10.2 Is ar thuismitheoirí agus caomhnóirí atá an phríomhfhreagracht as leanaí ach ba cheart dóibh siúd atá freagrach as cumarsáid tráchtála (lena n-áirítear craoltóirí) tacú leis an gcaidreamh idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí trí sceidealú freagrach agus gan an bonn a bhaint ó údarás, freagracht nó breithiúnas tuismitheoirí nó caomhnóirí in ábhar cumarsáide tráchtála do leanaí.

# 11. Ginearálta

11.1 Beidh gach cumarsáid tráchtála do leanaí i gcomhréir le ceanglais an Chóid Ghinearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála agus déanfaidh craoltóir na bearta iomchuí lena áirithiú go mbíonn gach cumarsáid tráchtála do leanaí i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn aon údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

11.2 I dteannta na srianta agus an toirmisc a liostaítear sa Chód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála, tá toirmeasc ar chumarsáid tráchtála do leanaí ina bhfuil an méid seo a leanas:

a) Cearrbhachas.
b) Táirgí agus seirbhísí a bhaineann le laghdú, teorannú nó rialú meáchain.
c) Seirbhísí cur in aithne agus geandála.
d) Seirbhísí de chineál gnéasach.
e) Teicnící fógraíochta scáileáin roinnte, idirghníomhacha agus fíorúla.
f) Gnáthaimh chosmaide mháinliachta agus neamh-mháinliachta.

11.3 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh sé soiléir go mbeidh cumarsáid tráchtála do leanaí ar leithligh ó ábhar cláir agus nach n-áirítear sleachta iontu ó chláir do leanaí lena bhféadfaí an t-idirdhealú idir cumarsáid tráchtála do leanaí agus ábhar cláir a fhágáil doiléir.

# 12. Neamhchleachtadh agus Saontacht

12.1 Áiritheoidh craoltóirí nach dtiocfar i dtír ar shaontacht agus dílseacht nádúrtha leanaí trí chumarsáid tráchtála do leanaí.

## Cur i Láthair Fíorasach

12.2 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí:

a) Go léireofar go soiléir léi cad iad na codanna, na heilimintí nó na hoiriúintí atá mar chuid de ghnáthcheannachán an táirge nó na seirbhíse agus go ndéanfar idirdhealú léi idir iad sin nach bhfuil ar fáil ach ar chostas breise.

b) Go n-áiritheofar léi go mbeidh teachtaireachtaí ar scáileán agus ‘i gcló beag’ soiléir, simplí agus inléite agus go leanfaidh siad de bheith ar scáileán ar feadh tréimhse leordhóthanach chun a chumasú do leanaí í a léamh. **F/15**

c) Go dtabharfar léiriú léi ar mhéid iarbhír an táirge. **F/15**

d) Go léireofar go soiléir léi cad iad na ceallraí is gá chun an táirge a oibriú agus cé acu atá nó nach bhfuil siad curtha ar fáil leis an táirge. **F/15**

e) Go léireofar go soiléir léi cén uair is gá táirge a chur le chéile agus cén aois is gá go ginearálta chun an táirge a chur le chéile. **F/15**

f) Go seachnófar léi úsáid teanga, éifeachtaí speisialta nó radharc samhlaíoch lena bhféadfaí mearbhall a chur ar an leanbh nó tabhairt air nó uirthi a chreidiúint go bhfuil cumais nó saintréithe sa táirge nó sa tseirbhís aige nach bhfuil aige dáiríre. **F/15**

g) Nach ndéanfar léi, i gcás bréagán nó táirgí a bhféadfaí a bheith ag súil leis, den chuid is mó, go mbeidís i seilbh daoine faoi 15 bliana d’aois, comparáidí díreacha idir leaganacha/samhlacha reatha agus ‘feabhsaithe’ den táirge, fiú amháin nuair atá na ráitis nó na héilimh bailí. **F/15**

h) Go sonrófaí léi ó bhéal aon teachtaireachtaí ar scáileán nó i gcló beag chun a áirithiú go mbeidh tuiscint ag leanaí den aois sin ar an teachtaireacht. **F/6**

### Praghas an táirge/na seirbhíse

12.3 Maidir leis an mbealach a chuirtear praghas táirge nó seirbhíse i láthair i gcumarsáid tráchtála do leanaí, áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas:

a) Beidh an praghas, nuair a thugtar é, in euro agus beidh CBL nó aon mhuirir bhreise nó ghaolmhara eile san áireamh ann.

b) Má tá an praghas ag brath ar earra eile a cheannach, ní mór an méid sin a bheith soiléir sa chumarsáid tráchtála.

c) Má tá roinnt táirgí nó seirbhísí i gcumarsáid tráchtála na leanaí agus má tharraingítear aird ar phraghas an earra/na n-earraí, is gá a shoiléiriú nach dtagraíonn an praghas ach amháin don earra/do na hearraí sin.

d) Le cumarsáid tráchtála do leanaí lena dtagraítear do 'bronntanais saor in aisce' nó tairiscintí, ní mór aon agus gach téarma agus coinníoll cáilitheach a shonrú léi, e.g. aon teorainn ama, an méid táirge is gá a cheannach, an méid clúdach is gá a bhailiú, etc.

e) Le cumarsáid tráchtála do leanaí ní ceart duaiseanna ná luach saothair a thairiscint do leanaí as ceannaitheoirí nua a mhealladh chuig an táirge nó an tseirbhís.

f) Cuirfear an praghas i láthair i gcló soiléir, simplí agus inléite agus i gcás inarb iomchuí cuirfear in iúl é mar chuid den fhuaim. **F/15**

g) Leis an teanga a úsáidtear chun an praghas a chur i láthair ní dhéanfar a chostas a íoslaghdú, e.g. trí fhocail amhail 'amháin' nó 'díreach' a úsáid. **F/15**

h) Le bréagáin chostasacha sonrófar an praghas sa chumarsáid tráchtála do leanaí. Ní mheastar go bhfuil bréagán costasach más rud é go bhfuil sé, i dteannta aon oiriúintí bunriachtanacha, ar fáil go ginearálta ar phraghas miondíola faoi bhun figiúr atá sonraithe ag an gCoimisiún ó am go chéile. €30 atá san fhigiúr sin faoi láthair ach tá sé faoi réir athbhreithniú. **F/15**

# 13. Brú Míchuí

13.1 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar leanaí a spreagadh ná a ghríosú go díreach le cumarsáid tráchtála do leanaí chun iarraidh ar dhaoine fásta na táirgí nó na seirbhísí atá á gcur chun cinn a cheannach.

13.2 Áiritheoidh craoltóirí nach dtabharfar le fios le cumarsáid tráchtála do leanaí go bhfágfaidh seilbh nó úsáid táirge nó seirbhíse go mbeidh an leanbh nó a theaghlach/a teaghlach ardchéimiúil go fisiceach, go sóisialta nó go síceolaíoch.

13.3 Áiritheoidh craoltóirí nach dtabharfar le fios le cumarsáid tráchtála do leanaí go mbeidh tionchar ag seilbh nó úsáid táirge nó seirbhíse ar an ngnaoi ar an leanbh nó ar a chumas cairde a dhéanamh, nó go mbainfear ón méid sin dá mbarr.

13.4 Áiritheoidh craoltóirí nach bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go bhfágfadh cumarsáid tráchtála leanaí go mothódh an leanbh íochtarach, mídhílis nó amhrasach faoina fhéiníomhá, nó go spreagfaí imní sa leanbh léi maidir lena dhreach colainne.

13.5 Áiritheoidh craoltóirí nach dtabharfar le fios ná nach gcuirfear in iúl go sainráite le cumarsáid tráchtála do leanaí go bhfuil tuismitheoir, caomhnóir nó duine fásta a cheannaíonn nó a sholáthraíonn táirge nó seirbhís do leanbh, níos fearr, níos cliste nó níos flaithiúla ná an duine nach ndéanann sin.

# 14. Cosaint Speisialta do Leanaí

## Táirgí/Seirbhísí lena dTacaítear le Leanaí

14.1 Áiritheoidh craoltóirí nach gceadófar leanaí a úsáid chun trácht a dhéanamh ar tháirgí nó seirbhísí i gcumarsáid tráchtála do leanaí, nó chun iad a mholadh, ach amháin le haghaidh táirgí agus seirbhísí a bhféadfadh leanaí a bheith ag súil le réasún lena n-úsáid agus a mbeadh suim acu iontu iad féin de ghnáth.

Féadfaidh leanaí a bheith i gcumarsáid tráchtála do leanaí le haghaidh táirgí do dhaoine fásta más eilimint nádúrtha sa timpeallacht atá á léiriú atá i gceist lena bheith i láthair nó más gá sin chun úsáid an táirge nó na seirbhíse a léiriú.

## Gnéasú Leanaí

14.2 Áiritheoidh craoltóirí nach léireofar leanbh ar bhealach atá téisiúil i gcumarsáid tráchtála do leanaí.

## Príobháideachas agus Soláthar Eolais

14.3 Áiritheoidh craoltóirí nach n-iarrfar ar leanaí le cumarsáid tráchtála do leanaí eolas ná sonraí príobháideacha a chur isteach maidir leo féin, a gcuid teaghlach nó cairde, mura bhfuil an chumarsáid tráchtála mar chuid d’fheachtas a bhaineann lena sábháilteacht, lena sláinte nó lena bhfolláine. Nuair a úsáidtear an cleachtas sin, ba cheart a shonrú le cumarsáid tráchtála do leanaí, i gcás inar réasúnta, nach mór do leanaí formheas a fháil ó dhaoine fásta roimh an eolas a sheoladh.

## Daoine Fásta a Ligeann orthu gur Leanaí atá iontu

14.4 Áiritheoidh craoltóirí nach gcuirfear isteach ar dhínit leanaí má úsáidtear daoine fásta i gcumarsáid tráchtála do leanaí agus iad ag ligean orthu gur leanaí atá iontu.

# 15. Sábháilteacht Ghinearálta

15.1 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar leanaí a spreagadh trí chumarsáid tráchtála do leanaí chun dul isteach i staideanna neamhshábháilte nó in áiteanna aisteacha nó labhairt le strainséirí.

15.2 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar leanaí i gcumarsáid tráchtála do leanaí a léiriú i staideanna atá contúirteach go morálta nó go fisiciúil nó agus iad á n-iompar féin ar bhealach contúirteach sa bhaile nó lasmuigh de, lena n-áirítear láithreacha sráide agus bóthair, seachas nuair is é an t-aon chuspóir amháin atá ag an gcumarsáid tráchtála sábháilteacht a chur chun cinn.

15.3 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le cumarsáid tráchtála do leanaí a léirítear leanaí agus trealamh sábháilteachta iomchuí á úsáid acu agus meas á léiriú acu ar na rialacha sábháilteachta uile is infheidhme, agus iad i mbun gníomhaíochtaí a éilíonn sin agus faoi mhaoirseacht daoine fásta i gcás inarb iomchuí, mar shampla, mar phaisinéirí i bhfeithiclí, coisithe, le linn dul ar lanna rollála, ar lanna scáta, ag snámh, ag imirt spóirt uisce nó ag marcaíocht ar chapall.

15.4 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar leanaí a léiriú le cumarsáid tráchtála do leanaí agus iad ag úsáid seirbhísí digiteacha, lena n-áirítear an t-idirlíon agus aipeanna, gan maoirseacht iomchuí ó dhaoine fásta.

15.5 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar le cumarsáid tráchtála do leanaí a léiriú go míréasúnta agus iad ag úsáid substaintí contúirteacha nó substaintí atá nach mór contúirteach nó trealamh contúirteach, mar shampla, cipín, fearais gáis, peitreal, substaintí teaghlaigh guaiseacha nó le cógais ina seilbh nó á riar acu mura mbeidh siad faoi mhaoirseacht duine fásta. **F/15**

### Iompraíocht

15.6 Áiritheoidh craoltóirí nach spreagfaidh cumarsáid tráchtála do leanaí chun dul i mbun iompraíocht fhrithshóisialta, nó chun leanaí a léiriú agus iad i mbun na hiompraíochta sin, go háirithe bulaíocht a dhéanamh ar leanaí eile, a bheith ag spochadh astu nó ag magadh fúthu, mura rud é gurb é an t-aon chuspóir amháin atá ag an gcumarsáid tráchtála cur in éadan na hiompraíochta sin.

15.7 Áiritheoidh craoltóirí nach amhlaidh le cumarsáid tráchtála do leanaí a cháinfear oideachas ná nach mbeifear i bhfách le hiompar bagrach nó saint mar thréithe atá le moladh.

# 16. Foréigean

16.1 Áiritheoidh craoltóirí nach n-áireofar foréigean i gcumarsáid tráchtála do leanaí, ná nach n-áireofar radhairc inti a bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeidh siad ina gcúis le ciapadh do leanaí.

16.2 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh, i gcásanna inar féidir gur gá radhairc fhoréigneacha a áireamh mar chuid de theachtaireachta seirbhíse poiblí nó chun an táirge nó an tseirbhís a léiriú, a bheidh an chumarsáid sin sceidealaithe ar bhealach freagrach ionas go n-áiritheofar nach mbeidh siad ina gcúis le ciapadh do leanaí.

# 17. Aiste Bia agus Cothú

17.1 Áiritheoidh craoltóirí go ndéanfar bia a léiriú ar bhealach stuama i gcumarsáid tráchtála do leanaí. Níor cheart stíl mhaireachtála mhífholláin nó nósanna itheacháin nó ólacháin mífholláine, amhail caitheamh míchuibheasach, nó itheachán iomarcach, éigníoch nó sriantach, a spreagadh le cumarsáid tráchtála do leanaí.

17.2 Áiritheoidh craoltóirí maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí lena gcuirtear i láthair amanna béile go ndéanfar ról an táirge nó na seirbhíse a léiriú go soiléir agus go leordhóthanach faoi chuimsiú aiste chothrom bia.

17.3 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh aon eolas míthreorach nó mícheart i gcumarsáid tráchtála do leanaí faoi luach beathaithe táirge. Le cumarsáid tráchtála do leanaí níor cheart comparáidí míthreoracha ná míchearta a dhéanamh idir bianna. Níor cheart a thabhairt le fios leo go bhfuil bianna ar leith ina n-ionadaí nó ina n-athchur do thorthaí agus/nó glasraí.

### Mearbhia agus Milseogra

17.4 Áiritheoidh craoltóirí go léireofar le cumarsáid tráchtála do leanaí le haghaidh táirgí, ionaid díola agus/nó brandaí mearbhia teachtaireacht fhuaimiúil nó amhairc á rá ‘ba cheart beagán díobh a ithe agus mar chuid d’aiste chothrom bhia’.

17.5 Áiritheoidh craoltóirí go léireofar le cumarsáid tráchtála do leanaí do tháirgí milseogra teachtaireacht fhuaimiúil nó fhísiúil lena sonraítear gur ‘féidir go ndéanfar damáiste d’fhiacla má bhíonn smailc bianna agus deochanna siúcrúla agat.’

### Daoine cáiliúla

17.6 Áiritheoidh craoltóirí nach amhlaidh le cumarsáid tráchtála do leanaí a léirítear daoine cáiliúla ná réaltaí spóirt, ná nach ndéantar tagairt dóibh, chun táirgí bia nó dí a chur chun cinn (lena n-áirítear táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS), mura rud é go bhfuil an chumarsáid tráchtála mar chuid d’fheachtas sláinte poiblí nó oideachais. **F/15**

### Cumarsáid tráchtála do leanaí le haghaidh táirgí bia ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra (HFSS) agus/nó Seirbhísí

17.7 Áiritheoidh craoltóirí go gcomhlíonfar le cumarsáid tráchtála do leanaí do tháirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS na riachtanais seo a leanas:

a) Cumarsáid tráchtála maidir le táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, ní cheadófar a leithéid i gcláir do leanaí.

b) Cumarsáid tráchtála le haghaidh leanaí maidir le táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, ní áireofar carachtair cheadúnaithe léi.

**c)** Cumarsáid tráchtála le haghaidh leanaí do tháirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, ní áireofar maímh maidir le sláinte agus cothú léi. **F/13**

**d)** Cumarsáid tráchtála maidir le táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, ní áireofar tairiscintí bolscaireachta léi. **F/13**

## 18. Carachtair Chláir

18.1 Áiritheoidh craoltóirí nach n-úsáidfear carachtair chláir chun táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn (lena n-áirítear táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS) i gcumarsáid tráchtála do leanaí.

18.2 Níl feidhm ag Cuid 18.1 maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí le haghaidh táirgí, imeachtaí nó seirbhísí, a bhaineann go díreach le cláir ina dtagann na carachtair nó na pearsantachtaí aníos de ghnáth. I gcás cumarsáid tráchtála le haghaidh leanaí do tháirgí, imeachtaí nó seirbhísí a bhaineann go díreach leis an gclár leanaí, níor cheart iad a chraoladh ar feadh dhá uair an chloig roimh thús an chláir atá i gceist agus tar éis dheireadh an chláir sin.

## 19. Cumarsáid Tráchtála do Leanaí lena mbaineann téama na Nollag

19.1 Áiritheoidh craoltóirí nach gcraolfar cumarsáid tráchtála do leanaí ina bhfuil tagairtí, de chineál físiúil nó fuaimiúil, don Nollaig, roimh an 1 Samhain gach bliain.

# Aguisín

## Samhail Próifílithe Cothaitheach

Chun críoch an Chóid seo, ba cheart an tSamhail Próifílithe Cothaitheach arna forbairt ag Gníomhaireacht Caighdeán Bia na Ríochta Aontaithe a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is ann nó nach ann do chumarsáid tráchtála le haghaidh táirge nó seirbhís ina bhfuil ardchion saille, salainn nó siúcra agus, dá bhrí sin, atá faoi réir srianta agus rialála. Is ann do thrí chéim chun scór iomlán bia nó dí a ríomh.

**i) Na pointí 'A' iomlána a oibriú amach**

Is féidir uaslíon de dheich bpointe a bhronnadh do gach cothaitheach.

Pointí 'A' iomlána = (pointí d'fhuinneamh) + (pointí do shaill sháithithe) + (pointí do shiúcraí) + (pointí do shóidiam). Leis an tábla seo a leanas léirítear na pointí a scóráladh, de réir mhéid gach cothaithigh in 100g den bhia nó den deoch:

**Cothaithigh do Leithdháileadh Phointí 'A'**

| Pointí | Fuinneamh (kJ) | Saill Sháithithe (g) | Siúcra Iomlán (g) | Sóidiam (mg) |
|---|---|---|---|---|
| 0 | ≤ 335 | ≤ 1 | ≤ 4.5 | ≤90 |
| 1 | >335 | >1 | >4.5 | >90 |
| 2 | >670 | >2 | >9 | >180 |
| 3 | >1005 | >3 | >13.5 | >270 |
| 4 | >1340 | >4 | >18 | >360 |
| 5 | >1675 | >5 | >22.5 | >450 |
| 6 | >2010 | >6 | >27 | >540 |
| 7 | >2345 | >7 | >31 | >630 |
| 8 | >2680 | >8 | >36 | >720 |
| 9 | >3015 | >9 | >40 | >810 |
| 10 | >3350 | >10 | >45 | >900 |
| | | | | |

Má bhaineann bia nó deoch 11 phointe 'A' nó níos mó amach, ní féidir leis nó léi pointí a bhaint amach do phróitéin mura rud é go mbaineann sé nó sí 5 phointe amach freisin do thorthaí, glasraí agus cnónna.

**ii) Na pointí 'C' iomlána a oibriú amach**

Is féidir uaslíon de chúig phointe a bhronnadh do gach cothaitheach/comhábhar bia.

Pointí 'C' iomlána = (pointí do % de thorthaí, glasraí agus ábhar cnónna) + (pointí do shnáithín [NSP nó AOAC]) + (pointí do phróitéin)

Leis an tábla seo a leanas léirítear na pointí a baineadh amach, de réir mhéid gach cothaithigh/comhábhair bia in 100g den bhia nó den deoch: -

**Cothaithigh do Leithdháileadh Phointí 'C':**

| Pointí | Torthaí, Glasraí agus Cnónna (%) | Snáithín N&P (g) | Nó Snáithín AOAC[2] (g) | Próitéin (g) |
|---|---|---|---|---|
| **0** | **≤40** | **≤0.7** | **≤0.9** | **≤1.6** |
| **1** | **>40** | **>0.7** | **>0.9** | **>1.6** |
| **2** | **>60** | **>1.4** | **>1.9** | **>3.2** |
| **3** | **-** | **>2.1** | **>2.8** | **>4.8** |
| **4** | **-** | **>2.8** | **>3.7** | **>6.4** |
| **5** | **>80** | **>3.5** | **>4.7** | **>8.0** |

**iii) An scór foriomlán a oibriú amach**

- Má bhaineann bia **níos lú ná 11 phointe 'A'** amach, is mar a leanas a ríomhtar an scór foriomlán:

  Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide pointí 'C' iomlána (torthaí, glasraí agus cnónna + snáithín + próitéin)

- Má bhaineann bia **11 phointe 'A' nó níos mó amach** ach mura mbaineann sé amach ach 5 phointe do thorthaí, glasraí agus cnónna, ríomhtar an scór foriomlán mar a leanas:

  Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide pointí 'C' iomlána (torthaí, glasraí agus cnónna + snáithín + próitéin)

- Má bhaineann bia **11 phointe 'A' nó níos mó amach, agus níos lú ná 5 phointe do thorthaí, glasraí agus cnónna,** ríomhtar an scór foriomlán mar a leanas:

  Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide na pointí iomlána do shnáithín + pointí do thorthaí, glasraí agus cnónna (ní cheadaítear pointí a bhaint amach do phróitéin)

Tá **bia** aicmithe mar 'gan bheith chomh sláintiúil sin' i gcás ina mbaineann sé amach **4 phointe nó níos mó agus ina bhfuil sé faoi réir srianta sa Chód.**

Tá **deoch** aicmithe mar 'gan bheith chomh sláintiúil sin' i gcás ina mbaineann sí amach **1 phointe nó níos mó agus ina bhfuil sí faoi réir srianta sa Chód.**

Chun sonraí breise a fháil maidir le cur i bhfeidhm na samhla seo, féach an treoir ar leith a sholáthraíonn an Coimisiún agus atá foilsithe ar https://www.cnam.ie/ga/.

---

[2] Ba cheart ceann amháin nó ceann eile de na colúin snáithín chothaithe a roghnú chun an bealach a ríomh an monaróir cion snáithín an bhia nó na dí a léiriú.